



An Bhruiséil, 25 Aibreán 2017
(OR. en)

8461/17

CADREFIN 48	PECHE 162
FSTR 33	RECH 107
POLGEN 51	JAI 367
REGIO 47	ENER 144
FC 33	MI 346
ECOFIN 301	MAR 82
ENV 379	COMPET 266
TRANS 150	AGRI 214

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 25 Aibreán 2017

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 7875/17 + ADD 1
roimhe seo:

Uimh. an doic. ón COM(2016) 805 final
gCoim.:

Ábhar: Straitéisí macraireigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme
- Conclúidí ón gComhairle (25 Aibreán 2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéisí macraireigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme, a ghlac an Chomhairle ag an 3531ú cruinniú dá cuid an 25 Aibreán 2017.

Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

- (1) MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí uaithi lenar bunaíodh ceithre straitéis mhacrairéigiúnacha reatha an Aontais, eadhon Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún Mhuir Bhailt (EUSBSR) ó 2009, Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na Danóibe (EUSDR) ó 2011, Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriach agus don Réigiún Iónach (EUSAIR) ó 2014 agus Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na nAlp ó 2015¹, chomh maith leis na conclúidí uaithi an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an mbreisluach atá ar straitéisí macrairéigiúnacha² agus an 21 Deireadh Fómhair 2014 maidir le rialachas na straitéisí macrairéigiúnacha³;
- (2) MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí uaithi an 27 Samhain 2015 maidir le Straitéis an Aontais do Réigiún na nAlp (EUSALP), inar iarradh ar an gCoimisiún Eorpach tuarascáil a dhréachtadh gach dhá bhliain, ag tosú ag deireadh 2016, maidir le cur chun feidhme EUSALP, agus inar tugadh aird ar rún an Choimisiúin tuarascáil aonair a dhréachtú gach dhá bhliain, ag tosú ag deireadh 2016, ina ndéanfar cur síos ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir le cur chun feidhme na straitéisí macrairéigiúnacha go léir;
- (3) AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais mar chreat uathúil comhtháite chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chomónta a bhíonn os comhair limistéir gheografaigh shainaitheanta lena gcumhdaítear Ballstáit agus tríú tíortha a bhaineann tairbhe, mar sin, as an gcomhar neartaithe, rud a chuireann le baint amach an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh;

¹ Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún Mhuir Bhailt (13744/09), Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na Danóibe (8388/11 + ADD 1 REV 1), Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriach agus don Réigiún Iónach (13503/14) agus Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na nAlp (14613/15).

² 14926/13 + ADD 1.

³ 16207/14.

- (4) ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil na straitéisí macrairéigiúnacha bunaithe ar na prionsabail nach mbeidh cistí nua ón Aontas, nach mbeidh struchtúir fhoirmiúla breise an Aontais ann agus nach mbeidh reachtaíocht Aontais nua ann, agus gur ionstraim iad, dá bhrí sin, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní airgeadais atá ann cheana, úsáid níos fearr a bhaint as na hinstitiúidí atá ann cheana agus chun an reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr;
- (5) IS DÍOL SÁSAIMH DI gur thíolaic an Coimisiún tuarascáil aonair maidir le cur chun feidhme gach ceann de na ceithre straitéis mhacrairéigiúnacha thuasluaite⁴;
- (6) IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis na straitéisí, na chéad torthaí uathu agus an méid a chuir siad le comhtháthú críochach agus is mór aici go bhfuil beartais earnálacha an Aontais á gcur chun feidhme ar bhealach níos comhtháite agus go bhfuil caidreamh níos dlúithe ann le tríú tíortha, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá comhoibriú go dlúth leis na hinstitiúidí iltaobhacha atá ann cheana agus faoi chuimsiú na gcomhaontuithe atá ann cheana;
- (7) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil dúshlán choiteanna agus aonair os comhair gach aon cheann de na ceithre straitéis agus gur féidir iad uile a fhorbairt tuilleadh, go háirithe maidir le rialachas, díriú ar thorthaí, cistiú a bhfuil cuspóir leis, cumarsáid agus comhar;
- (8) MEASANN SÍ go bhféadfaí rialachas na straitéisí a neartú tuilleadh ar mhaithe lena n-éifeachtacht a fheabhsú; sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar na tíortha rannpháirteacha agus ar a gcuid réigiún an méid seo a leanas a dhéanamh:
- a) tiomantas polaitiúil láidir a choinneáil mar aon le braistint ard na húinéireachta i ndáil le cur chun feidhme a gcuid straitéisí macrairéigiúnacha;
 - b) feabhas a chur ar an gcomhordú agus ar an gcomhar d'fhonn tuilleadh feabhais a chur ar an tiomantas do na straitéisí agus dá gcur chun feidhme éifeachtach;
 - c) an cumas riaracháin is gá a fhorbairt chun a áirithiú go dtiocfaidh cur chun feidhme éifeachtach as an tiomantas polaitiúil;

⁴ Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme, 15792/16 + ADD 1.

- d) príomhlucht cur chun feidhme (amhail comhordaitheoirí náisiúnta, comhordaitheoirí réimsí tosaíochta/ceannairí na ngrúpaí gníomhaíochta, comhaltaí grúpaí gníomhaíochta agus stiúrtha) a chumhachtú agus úinéireacht na n-aireachtaí líne lena mbaineann a mhéadú;
 - e) chun leas a bhaint as réigiúin, as cathracha, as gníomhaireachtaí agus as institiúidí príobháideacha amhail ollscoileanna, gnólachtaí príobháideacha agus an tsochaí shibhialta, iad a spreagadh chun líonrú a dhéanamh, comhoibriú a dhéanamh agus a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme agus i bhforbairt straitéisí macrairéigiúnacha;
- (9) CUIREANN SÍ i bhFÁTH gur dócha go mbeidh feidhmíocht níos fearr ann agus go gcuirfear le hinfheictheacht na straitéisí freisin má dhírítear ar bhealach níos láidre ar thorthaí agus má dhírítear ar thosaíochtaí ábhartha;
- (10) IARRANN SÍ ar na tíortha rannpháirteacha agus ar a gcuid réigiún, chun go mbainfear torthaí láidre, follasacha amach agus chun gur fusa a bheidh sé cinnteoireacht fheasach pholaitiúil a dhéanamh, spriocanna soiléire a leagan síos, i gcás inarb iomchuí, agus táscairí iomchuí a fhorbairt, i gcomhar leis an gCoimisiún, lena bhféadfar faireachán níos fearr a dhéanamh ar na torthaí agus lena bhféadfar iad a thuairisciú ar bhealach níos fearr;
- (11) IARRANN SÍ ar na tíortha rannpháirteacha agus ar a gcuid réigiún agus ar an gCoimisiún straitéisí macrairéigiúnacha agus beartais earnálacha AE a chomhtháthú tuilleadh agus sineirgíochtaí a fhorbairt eatarthu, agus ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar chur chun feidhme beartas earnálach ar bhealach comhtháite thar chríocha;
- (12) MEASANN SÍ gur cheart na straitéisí macrairéigiúnacha a bheith oscailte chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna nua, cé go bhfuil rannchuidiú inbhuanaithe, ó na straitéisí sin, le comhtháthú críochach, ag brath ar an smaointeoireacht straitéiseach fhadtéarmach;
- (13) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún, i mbliana, tuarascálacha ar Chonstaicí Teorann agus ar ghníomhaíochtaí faoin gClár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach a thíolacadh don Chomhairle, agus TÁ SÍ AG TNÚTH le scrúdú a dhéanamh ar na tuarascálacha sin, i bhfianaise freisin go bhféadfadh sé, mar thoradh ar thorthaí na dtuarascálacha sin, go mbeifí in ann cur chun feidhme straitéisí macrairéigiúnacha a fheabhsú;
- (14) IS DÍOL SÁSAIMH DI na deiseanna cistiúcháin do na straitéisí macrairéigiúnacha dá bhforáiltear le creat dlíthiúil Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (Cistí ESI) 2014-2020;

- (15) MEABHRAÍONN SÍ go bhféadfar, le clár comhair chríochaigh Eorpaigh ábhartha, tacaíocht airgeadais a thabhairt do straitéis mhacrairéigiúnach, i gcás ina gcumhdaítear straitéis iomlán, nó cuid di, sa chlár, agus MEASANN SÍ gur cheart an nasc idir cláir chomhair chríochaigh Eorpaigh ábhartha agus straitéisí macrairéigiúnacha a threisiú tuilleadh chun tairbhe do na cláir agus do na straitéisí sin araon;
- (16) MEABHRAÍONN SÍ gur cheart do na tíortha rannpháirteacha agus dá gcuid réigiún gach foinse ábhartha cistiúcháin AE agus náisiúnta a úsáid chun a áirithiú gur leor an cistiú a bheidh ar fáil chun na straitéisí a chur chun feidhme agus chun na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach;
- (7) IARRANN SÍ, sa chomhthéacs sin,
- a) ar na tíortha rannpháirteacha agus ar a gcuid réigiún a áirithiú go ndéanfar na cláir Chistí ESI, na cistí IPA agus ENI agus straitéisí macrairéigiúnacha a ailíniú ar bhealach níos fearr, agus an leas is fearr is féidir a bhaint as na foinsí cistiúcháin eile uile a bheidh ar fáil (foinsí náisiúnta, réigiúnacha, bardasacha, príobháideacha etc.);
 - b) ar an gCoimisiún a áirithiú, i gcás inarb iomchuí, agus lánurraim á tabhairt do chuspóirí agus do shláine na gclár, go mbeidh straitéisí macrairéigiúnacha rannpháirteach i gcláir eile chistiúcháin de chuid an Aontais a bhainistíonn an Coimisiún go díreach, trí ghlaonna agus gníomhaíochtaí a fhoirmliú ar dhóigh ina gceadaítear d'iarratais ó straitéisí macrairéigiúnacha;
 - c) ar na Ballstáit rannpháirteacha agus ar a gcuid réigiún agus ar an gCoimisiún
 - i) na naisc idir na straitéisí macrairéigiúnacha agus na foinsí cistiúcháin AE a neartú, agus na cláir á gceapadh acu, cuspóirí na gclár á sainiú acu agus na cláir á gcur chun feidhme acu;
 - ii) an comhleanúnachas idir cuspóirí agus tosaíochtaí macrairéigiúnacha agus na cuspóirí agus na tosaíochtaí sin a shainítear ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach a athneartú dá réir sin;
 - iii) teagmháil a spreagadh idir comhordaitheoirí macrairéigiúnacha agus oibritheoirí na gclár i gcóras iomchuí rialachais il-leibhéil, agus leas á bhaint as, *inter alia*, cumais chlár INTERACT;

- (18) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil gá le sonraí níos mionsonraithe, níos iontaofa agus níos inchomparáide i ndáil le straitéisí macrairéigiúnacha a chur chun feidhme, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na sonraí sin a bhailiú, agus aird á tabhairt ar an ualach riaracháin gaolmhar ar gheallsealbhóirí agus an leas is fearr is féidir á baint as foinsí sonraí atá ann cheana agus as modhanna cúnamh theicniúil, agus na sonraí sin a sholáthar don Chomhairle;
- (19) MEASANN SÍ gur fusa a bheadh sé, le faisnéis maidir le dea-chleachtais a d'fhéadfaí a aistriú ó straitéis amháin chuig straitéis eile, an cur chun feidhme a dhéanamh agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú le comhroinnt agus aistriú na gcleachtas sin, agus iad a eagrú, *inter alia* i gcomhar le clár INTERACT;
- (20) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar na tíortha rannpháirteacha agus ar a gcuid réigiún torthaí na straitéisí a chur in iúl chomh forleathan agus is féidir chun cur lena infheicthe a bheidh na straitéisí, go háirithe don phobal i gcoitinne;
- (21) MEASANN SÍ gur cheart don Choimisiún leanúint de phríomhról a imirt i gcomhordú straitéiseach na bpríomhchéimeanna maidir le cuspóirí na straitéisí macrairéigiúnacha a bhaint amach, i gcomhpháirtíocht leis na Ballstáit;
- (22) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme straitéisí macrairéigiúnacha más rud é go mbeidh breisluach ag gabháil leis sin, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an bpleanáil straitéiseach, le faireachán, le meastóireacht agus le cumarsáid, cé go nAONTAÍONN SÍ gur cheart na geallsealbhóirí ábhartha uile a bheith rannpháirteach sna phróisis faireacháin agus mheastóireachta;
- (23) TÁ SÍ FÓS SÁSTA scrúdú a dhéanamh ar aon tionscnamh aibí ó na Ballstáit a bhfuil na dúshlán chéanna rompu i limistéar geografach sainithe, ar tionscnamh é a chomhaontaítear go coiteann agus atá dírithe ar straitéis mhacrairéigiúnach nua a chur ar bun;
- (24) TÁ SÍ AG TNÚTH LEIS an tuarascáil cur chun feidhme aonair seo a leanas ón gCoimisiún faoi dheireadh na bliana 2018.
-